Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 23 Bealtaine 2025**
**(OR. en)**

**9288/25**

**ESPACE 40**
**PROCIV 58**
**IPCR 37**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 23 Bealtaine 2025 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 8343/25 |
| Ábhar: | Úsáid sonraí satailíte, go háirithe ó bhuíonta um fhaire na cruinne, le haghaidh cosaint shibhialta agus bainistiú géarchéime<br>- Conclúidí ón gComhairle (an 23 Bealtaine 2025) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir le h*Úsáid sonraí satailíte, go háirithe ó Bhuíonta um Fhaire na Cruinne, le haghaidh cosaint shibhialta agus bainistiú géarchéime*, a d'fhormheas an Chomhairle ag an 4097ú cruinniú a bhí aici an 23 Bealtaine 2025.

# CONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE MAIDIR LE hÚSÁID SONRAÍ SATAILÍTE, GO hÁIRITHE Ó BHUÍONTA UM FHAIRE NA CRUINNE, LE hAGHAIDH COSAINT SHIBHIALTA AGUS BAINISTIÚ GÉARCHÉIME

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID SEO A LEANAS

AGUS AN MÉID SEO A LEANAS Á MHEABHRÚ AICI

A. Conclúidí ón gComhairle an 28 Bealtaine 2021 maidir le 'Spás Nua do Dhaoine'[1], inar aithníodh na deiseanna nua a chruthaítear le hinfhaighteacht agus inrochtaineacht sonraí ardtaifigh chun cóineasú fhaire na cruinne agus na hintleachta saorga (IS) a chothú chun feabhas a chur ar sholáthar réiteach d'úsáideoirí neamhtheicniúla agus, ar an gcaoi sin, tairbhí a chur ar fáil do shaoránaigh na hEorpa;

B. Conclúidí ón gComhairle an 10 Meitheamh 2022 maidir le 'Copernicus faoi 2035'[2], inar leagadh béim ar a thábhachtaí atá sonraí um fhaire na cruinne mar shócmhainn chriticiúil chun tacú le slándáil, neamhspleáchas agus athléimneacht an Aontais, ina n-aithnítear na dúshláin nua chomhshaoil agus ina gcuirtear i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé teicneolaíochtaí digiteacha nua a áireamh sna seirbhísí agus sna cumais slándála spáis, lena n-áirítear IS, agus inar dearbhaíodh gur clár sibhialta, oibríochtúil, dírithe ar an úsáideoir faoi stiúir an Aontais é Copernicus, agus atá bunaithe ar bheartas sonraí oscailte, chun tacú leis an gComhaontú Glas, leis an aistriú digiteach agus leis an tslándáil shibhialta;

C. Conclúidí ón gComhairle an 13 Samhain 2023 maidir le 'Straitéis Spáis an Aontais um Shlándáil agus Cosaint'[3], inar leagadh béim ar an ngá atá le feabhas a chur ar úsáid an spáis chun críocha slándála agus cosanta trí ghné an spáis a chomhtháthú ar bhealach níos fearr i réimsí eile, agus ba dhíol sásaimh di an measúnú ar roghanna chun seirbhís rialtais nua de chuid an Aontais um fhaire na cruinne a d'fhéadfadh a bheith ann a fhorbairt lena gcomhlánófaí na cumais atá ann cheana agus atá beartaithe, lena bhfreagrófaí do riachtanais shainaitheanta, agus lena gcuirfí san áireamh tionscnaimh atá ann cheana;

---

[1] 8956/21.
[2] 10070/22.
[3] 14512/23.

D. Conclúidí ón gComhairle an 23 Bealtaine 2024 maidir le 'iomaíochas na hEorpa a neartú tríd an spás'[4], inar leagadh béim ar thábhacht mhéadaitheach an spáis in go leor dúshláin agus beartais shocheacnamaíocha, lena n-áirítear sonraí a bhailiú chun tuiscint níos fearr a fháil ar an athrú aeráide agus chun ullmhú dó;

E. Conclúidí ón gComhairle an 29 Samhain 2024 maidir le 'meastóireacht eatramhach ar Chlár Spáis an Aontais Eorpaigh'[5] inar leagadh béim ar an ngá atá ann aghaidh a thabhairt ar na bagairtí méadaitheacha ar shábháilteacht agus athléimneacht an bhonneagair a thacaíonn le seirbhísí criticiúla an Aontais, lena n-áirítear sócmhainní spásbhunaithe, i bhfianaise rioscaí atá ag dul i méid, lena n-áirítear iad siúd a bhaineann leis an gcibearshlándáil;

***I. Réamhrá***

1. AITHNÍONN SÍ forbairt dhinimiciúil na dteicneolaíochtaí spáis, go háirithe buíonta um fhaire na cruinne, agus AITHNÍONN SÍ an acmhainneacht shuntasach a bhaineann le húsáid chomhordaithe sonraí agus seirbhísí satailíte chun athléimneacht a mhéadú; d'fhéadfadh na sonraí agus seirbhísí sin tacaíocht chriticiúil bhreise a sholáthar do na Ballstáit agus do fhreagairtí ar leibhéal an Aontais chun creataí bainistithe géarchéime a neartú, sábháilteacht na saoránach a fheabhsú, agus bagairtí nádúrtha agus bagairtí arb iad an duine daonna is cúis leo a thuar agus aghaidh a thabhairt orthu; MEABHRAÍTEAR DI, i ndáil leis an méid sin, gur gá inniúlachtaí na mBallstát a urramú go hiomlán, lena n-áirítear maidir le slándáil agus cosaint náisiúnta, agus a gcinneadh ceannasach maidir le sonraí íogaire spáis a chomhroinnt;

2. AITHNÍONN SÍ na cláir agus na hionstraimí atá ann cheana lena dtacaítear le bainistiú géarchéime agus cosaint shibhialta, lena n-áirítear seirbhísí Copernicus, agus TACAÍONN SÍ lena bhforbairt bhreise; AITHNÍONN SÍ, cé go bhfuil dul chun cinn tapa á dhéanamh ag an intleacht shaorga (IS) i bhfaire na cruinne, go bhfuil a cumais fós dáilte go míchothrom ar fud na n-earnálacha, agus go bhfuil saineolas an duine ríthábhachtach i gcónaí maidir le réamhphróiseáil, bailíochtú agus cinnteoireacht;

---

4 10142/24.
5 16128/24.

3. LEAGANN SÍ BÉIM ar an ngá atá ann an comhar idir na Ballstáit agus an tAontas a mhéadú agus na cumais atá ann cheana nó atá beartaithe a ghiaráil, lena n-áirítear na bonneagair agus tionscadail náisiúnta, sonraí tráchtála a úsáid, agus, ar deireadh, réitigh nua a fhorbairt, i gcás inarb iomchuí, chun sonraí satailíte a bhailiú, a phróiseáil, a anailísiú, a mhalartú agus a dháileadh go héifeachtúil ó na satailítí uile atá ar fáil, idir phoiblí agus phríobháideach, go háirithe satailítí Domhanbhreathnóireachta, cuir i gcás satailítí Copernicus, i bhfianaise na ndúshlán atá ag éirí níos casta mar gheall ar an athrú aeráide, tubaistí nádúrtha, agus géarchéimeanna arb é an duine is cionsiocair leo agus géarchéimeanna daonnúla, lena n-áirítear an imirce, a mbíonn tionchar acu ar an gcobhsaíocht agus ar an tslándáil san Eoraip agus lasmuigh di;

4. LEAGANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá sé IS a chur i bhfeidhm, lena bhfeabhsaítear cheana féin sainaithint bagairtí, tuar bagairtí agus an faireachán fíor-ama ar theagmhais ghéarchéime, rud a chuireann, dá réir sin, le hathléimneacht agus le hullmhacht na hEorpa; AITHNÍONN SÍ an gá atá leis an bhfothú acmhainneachta, le scaipeadh leathan na sonraí um fhaire na Cruinne le haghaidh bainistiú críochach agus bainistiú géarchéime, agus le huirlisí chun glacadh úsáideoirí níos éifeachtúla a chumasú trí na bacainní teicniúla agus an chastacht a laghdú, lena n-áirítear trí IS a úsáid chun an chinnteoireacht a fheabhsú agus feasacht staide fíor-ama a éascú i gcásanna freagartha géarchéime; agus IS DÍOL SÁSAIMH DI, i ndáil leis sin, an obair a rinneadh laistigh d'Éiceachóras Spáis Sonraí Copernicus;

***II. Na buntáistí a bhaineann le húsáid chomhordaithe na sonraí satailíte ar mhaithe leis an athléimneacht agus an ullmhacht***

5. AITHNÍONN SÍ go gcuireann an rochtain chomhordaithe, gar d'fhíor-am ar shonraí satailíte, lena n-áirítear sonraí satailíte ardtaifigh, atá socraithe de réir na riachtanas sonracha a bhaineann le himeachtaí a d'fhéadfadh a bheith bagrach, go gcuireann sí ar chumas an Aontais agus a Bhallstát freagairt níos tapa a thabhairt ar ghéarchéimeanna, cuir i gcás tubaistí nádúrtha, guaiseacha comhshaoil, agus bagairtí don tsláinte phoiblí; is deis í an fhorbairt leanúnach, bhreise atá á déanamh ar na córais nua spáis, go háirithe ar Copernicus agus ar na buíonta um fhaire na cruinne de chuid na mBallstát san Eoraip, chun gníomhaíochtaí a chomhordú a thuilleadh, aga folaigh a laghdú agus sonraí ó na Stáisiúin Ardáin Ardleibhéil éagsúla, ó na balúin fhadtréimhse atmaisféaracha, na ladrainn agus satailítí a chomhtháthú, agus dá bharr sin soláthrófar faisnéis oibríochtúil go tapa agus méadófar ar an am athchuairte, rud atá bunriachtanach le haghaidh an luathrabhaidh agus na freagartha éigeandála i gcásanna falscaithe, tuilte agus creathanna talún ar mhórscála;

6. TUGANN SÍ DÁ hAIRE gur féidir guaiseacha agus rioscaí comhshaoil a thuar, a bhrath go luath agus measúnú a dhéanamh orthu, lena n-áirítear i limistéir atá íogair i leith an athraithe aeráide nó tubaistí nádúrtha, trí fhaireachán córasach comhshaoil a fhaigheann tacaíocht ón spás, lena bhfeabhsaítear cosaint na saoránach go díreach agus lena gcosnaítear an bonneagar criticiúil agus acmhainní agus sócmhainní eacnamaíocha;

7. AITHNÍONN SÍ a thábhachtaí atá na sonraí satailíte, mar aon le hacmhainneacht na sonraí sin nach mbaintear dóthain leas aisti, chun rioscaí a shainaithint agus a rianú, lena n-áirítear an damáiste eacnamaíoch a d'fhéadfadh a bheith ann, truailliú an chomhshaoil, guaiseacha nádúrtha lena n-áirítear tuilte agus falscaithe, an díghrádú talún, foraoisí agus acmhainní nádúrtha, sreabha imirce neamhrialta, saincheisteanna a bhaineann leis an tsláinte phoiblí agus feiniméin eile a dhéanann difear don cháilíocht saoil san Aontas; CUIREANN SÍ I dTREIS go dtacaíonn nuashonruithe rialta beachta a dhéantar ar na hathruithe comhshaoil leis na bearta coisctheacha, sa chaoi is go n-áirithítear leo go mbeidh na Ballstáit ullmhaithe chun folláine na saoránach a chosaint ar an leibhéal áitiúil agus ar an leibhéal réigiúnach, agus IS DÍOL SÁSAIMH DI an ról ríthábhachtach cumasúcháin atá ag comhpháirt Copernicus de chlár spáis an Aontais, mar chóras um fhaire na Cruinne atá faoi rialú sibhialta, le haghaidh faireachán dhomhanda a dhéanamh ar an gcomhshaol agus sábháilteacht, lena n-áirítear bainistiú tubaistí; LEAGANN SÍ BÉIM AR a thábhachtaí atá sineirgí le tionscnaimh spáis eile de chuid an Aontais i ndáil leis sin, lena n-áirítear comhpháirteanna Chlár Spáis an Aontais, Clár an Aontais um Nascacht Shlán, tionscnamh Destination Earth agus tionscadail dé-úsáide, cuir i gcás an tseirbhís rialtais um fhaire na Cruinne a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo; TUGANN SÍ DÁ hAIRE cláir ábhartha de chuid Ghníomhaireacht Spáis na hEorpa, lena n-áirítear na cláir sin a thacaíonn le bainistiú géarchéime, faireachán comhshaoil, agus ardchumais um fhaire na Cruinne; AITHNÍONN SÍ na cumas atá ag buíonta tráchtála cheana féin; agus LEAGANN SÍ BÉIM ar an ngá atá leis an bhforluí a sheachaint agus an chomhlántacht iomlán a áirithiú chun athléimneacht agus ullmhacht na hEorpa a neartú a thuilleadh;

8. LEAGANN SÍ BÉIM ar an ngá atá leis an gcomhar trasteorann idir gníomhaithe éagsúla ar leibhéal an Aontais agus ar leibhéal na mBallstát chun bainistiú comhordaithe a dhéanamh ar na sonraí spáis, rud a chumasaíonn an tacaíocht fhrithpháirteach agus an dlúthpháirtíocht in aimsir géarchéimeanna Eorpacha agus domhanda araon, go háirithe iad siúd a bhaineann le bagairtí comhroinnte nádúrtha agus bagairtí arb é an duine is cionsiocair leo;

9 TUGANN SÍ DÁ hAIRE an tacaíocht a chuireann Seirbhís Slándála Copernicus ar fáil do na húsáideoirí slándála a bhfuil cumais oibríochtúla acu maidir leis an bhfaireachas ar theorannacha, an faireachas ar mhuirí, agus tacaíocht do ghníomhaíochtaí seachtracha agus slándála an Aontais, chomh maith leis an tacaíocht a chuireann Seirbhís Bainistithe Éigeandála Copernicus ar fáil d'úsáideoirí slándála sibhialta agus Sásra an Aontais um Chosaint Shibhialta; agus TUGANN SÍ DÁ hAIRE seirbhísí tráchtála gar d'fhíor-am atá ann cheana le haghaidh na slándála;

***III. Úsáid na hintleachta saorga in anailís sonraí satailíte ar mhaithe leis an athléimneacht agus an ullmhacht***

10. AITHNÍONN SÍ go bhfuil ról níos bunriachtanaí ag IS ó thaobh anailís mhear a dhéanamh ar na tacair mhóra sonraí a thagann ó na satailítí breathnóireachta agus iad a phróiseáil, gur féidir na limistéir atá i mbaol a aicmiú agus patrún agus aimhrialtachtaí a aithint a bhuí léi, agus go gcuireann comhtháthú sonraí satailíte agus forlíontacha, go háirithe íomhánna a fhaightear ó Stáisiúin Ardáin Ardleibhéil nó ó ladrainn, go mór le luach oibríochtúil na faisnéise a eascraíonn as sin; TUGANN SÍ DÁ hAIRE gur tapúla a bhíonn na próisis chinnteoireachta agus gur éifeachtaí é leithdháileadh na n-acmhainní a bhuí le IS, rud atá ríthábhachtach i gcásanna géarchéime a bhfuil an-tábhacht ag baint leo;

11. TUGANN SÍ CHUN SUNTAIS a thábhachtaí atá na halgartaim mheaisínfhoghlama agus Leathchúplaí Digiteacha chun géarchéimeanna a d'fhéadfadh a bheith ann a thuar, cuir i gcás tuilte, dóiteáin, triomaigh agus sreabha imirce chomh maith le géarchéimeanna ilghuaiseacha agus iomadúla, ós rud é go gcuireann an anailís ar shonraí satailíte stairiúla agus treochtaí fadtéarmacha ag IS feabhas ar an acmhainneacht géarchéimeanna réamh-mheasta a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar shábháilteacht agus ar fholláine shaoránaigh an Aontais agus ar athléimneacht shochaithe na hEorpa a thuar agus a shamhaltú; TUGANN SÍ DÁ hAIRE an ról a bhí ag an gCoimisiún, ag Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um an gClár Spáis, ag an nGníomhaireacht Eorpach Spáis agus ag eintitis iontaoibhe eile a chuireann Copernicus chun feidhme, lena n-áirítear an Eagraíocht Eorpach chun sochar a bhaint as satailítí meitéareolaíocha, an Ghníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil, Frontex, an Ghníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Mhuirí, Lárionad Satailíte an Aontais Eorpaigh agus an Lárionad Eorpach do Réamhaisnéisí Aimsire Meánraoin agus Mercator Ocean International, chomh maith le hoibreoirí náisiúnta, maidir le tacú leis na Ballstáit na sonraí sin a phróiseáil, a anailísiú agus a dháileadh, léargais inghníomhaithe a chur ar fáil do thaighdeoirí, do lucht déanta beartas agus do thionscail le haghaidh cinnteoireacht fheasach i gcásanna a bhfuil an-tábhacht ag baint leo;

12. TÁ SÍ AG SÚIL LE cur chun feidhme agus forfheidhmiú an Ghnímh um an Intleacht Shaorga[6] maidir le réitigh IS in anailís sonraí satailíte, go háirithe go gcloífear go dian le caighdeáin phríobháideachais agus slándála sonraí; sa chomhthéacs sin, LEAGANN SÍ BÉIM ar a riachtanaí atá sé réitigh IS a bheith faoi réir dianchreat rialála lena n-áirítear tástáil, meastóireacht agus bailíochtú chun iontaofacht, cruinneas agus éifeachtacht oibríochtúil a áirithiú i bhfeidhmchláir bainistithe géarchéime, mar shampla chun sláine sonraí a chosaint ar bhagairtí atá ag teacht chun cinn ar nós íomhánna geografacha domhainbhrionnaithe;

*IV. Dúshláin agus moltaí*

13. LEAGANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá sé, agus bonneagar sonraí satailíte á fhorbairt, a áirithiú go mbeidh an bonneagar sin comhtháite nó idir-inoibritheach leis na córais atá ann cheana agus go n-úsáidfear formáidí caighdeánaithe sonraí agus nósanna imeachta caighdeánaithe malartaithe, ós rud é go bhfuil úsáid éifeachtach sonraí satailíte ag brath ar idir-inoibritheacht chórais an Aontais agus na mBallstát agus ar acmhainní comhroinnte inrochtana; dá bhrí sin, molann sí do na Ballstáit lena mbaineann úsáid a bhaint as tagarmharcanna agus caighdeáin atá ann cheana agus, i gcás inar gá, caighdeáin aontaithe a bhunú agus tacú le tionscnaimh atá dírithe ar nósanna imeachta a chomhchuibhiú agus inrochtaineacht agus glacadh aschur sonraí spáis ar fud an Aontais a mhéadú ag an am céanna;

14. leagann sí béim ar a thábhachtaí atá sé córais bailithe agus próiseála sonraí satailíte a chosaint ar chibearbhagairtí chun bonneagar criticiúil a chosaint agus chun infhaighteacht agus sláine sonraí agus leanúnachas na rochtana ar shonraí a áirithiú, agus IARRANN SÍ go gcuirfear réitigh chun feidhme lena bhfeabhsófar slándáil sonraí íogaire agus lena ndéanfar faireachán gníomhach ar na rioscaí a d’fhéadfadh a bheith ann chun teagmhais nó ionsaithe a d’fhéadfadh a bheith ann a mhaolú, agus ceanglais reachtaíocht chibearshlándála an Aontais á gcur san áireamh de réir mar is infheidhme maidir le hearnáil an spáis, lena n-áirítear an Dara Treoir NIS[7];

---

[6] Rialachán (AE) 2024/1689 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meitheamh 2024 lena leagtar síos rialacha comhchuibhithe maidir leis an intleacht shaorga agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 300/2008, (AE) Uimh. 167/2013, (AE) Uimh. 168/2013, (AE) 2018/858, (AE) 2018/1139 agus (AE) 2019/2144 agus Treoracha 2014/90/AE, (AE) 2016/797 agus (AE) 2020/1828 (an Gníomh um an Intleacht Shaorga), IO L 144, 12.7.2024, lch. 1.

[7] Treoir (AE) 2022/2555 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2022 maidir le bearta le haghaidh ardleibhéal comhchoiteann cibearshlándála ar fud an Aontais, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 agus Treoir (AE) 2018/1972 agus lena n-aisghairtear Treoir (AE) 2016/1148 (an Dara Treoir NIS 2), IO L 333, 27.12.2022, lch. 80.

15. LEAGANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá gníomhaíochtaí taighde, forbartha agus oiliúna i gcóras an domhain (geoisféar, bithsféar, crióisféar, hidrisféar agus atmaisféar) in ardteicneolaíochtaí, mar shampla próiseáil mórshonraí, comhtháthú sonraí satailíte agus aeir, meaisínfhoghlaim, agus samhaltú réamhfháistineach chun leas iomlán a bhaint as acmhainneacht IS chun athléimneacht agus éifeachtúlacht in anailís sonraí satailíte a fheabhsú agus leas iomlán a bhaint as cumais ríomhaireachta ardfheidhmíochta agus as monarchana IS chun tacú le gnólachtaí nuathionscanta agus FBManna feidhmchláir a fhorbairt ina n-úsáidtear sonraí um fhaire na Cruinne; TUGANN SÍ DÁ hAIRE go méadófar glacadh na bpáirtithe leasmhara ábhartha trí fheasacht agus oideachas a chur chun cinn maidir le húsáid sonraí satailíte agus LEAGANN SÍ BÉIM ar an ngá atá ann an comhar idir an earnáil phoiblí, an saol acadúil agus an tionscal a ghiaráil chun nuálaíocht a spreagadh i réitigh lena bhfeabhsaítear an athléimneacht agus chun éileamh ar shonraí satailíte um fhaire na Cruinne a chur chun cinn;

***V. Na chéad chéimeanna eile***

16. AITHNÍONN SÍ a thábhachtaí atá sé úsáid chomhordaithe a bhaint as sonraí satailíte, go háirithe ó bhuíonta poiblí agus príobháideacha um fhaire na Cruinne agus a ról maidir leis na bearnaí san fhaisnéis faoin domhan a laghdú; iarrann sí ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit oibriú i dtreo an chur chuige sin sna gníomhaíochtaí atá ar siúl faoi láthair agus i ngníomhaíochtaí a dhéanfar amach anseo toisc go dtacóidh sé go mór le hiarrachtaí athléimneachta agus ullmhachta i réimse na slándála agus an bhainistithe géarchéime, agus ar an gcaoi sin cosaint shaoránaigh an Aontais a fheabhsú, agus idir-inoibritheacht agus iomaíochas oibreoirí Eorpacha a chothú;

17. IS DÍOL SÁSAIMH DI comhtháthú leanúnach IS, lena n-áirítear meaisínfhoghlaim agus próiseáil sonraí ar bord, chun próiseáil sonraí níos éifeachtúla a chumasú agus chun cumais réamhfháistineacha a neartú, rud atá bunriachtanach i bhfianaise líon méadaitheach na ndúshlán agus na rioscaí a bhfuil tionchair acu ar an Eoraip agus ar an domhan;

18. leagann sí béim ar a thábhachtaí atá sé tacú le bonneagar satailíte idir-inoibritheach le haghaidh comhroinnt sonraí, caighdeáin chomhchoiteanna a bhunú lena bhféadfar sonraí agus seirbhísí ó thionscnaimh tráchtála, náisiúnta agus ó thionscnaimh ar leibhéal an Aontais a chomhtháthú, agus a áirithiú go gcuirfear bearta cibearshlándála láidre agus rioscabhunaithe chun feidhme, agus MEASANN SÍ gur céim ríthábhachtach iad na conclúidí sin i dtreo athléimneacht, ullmhacht, slándáil agus cobhsaíocht a fheabhsú ar fud na hEorpa chomh maith le bainistiú éifeachtach géarchéime a fheabhsú agus cearta na saoránach á gcosaint agus cosaint sonraí á háirithiú ag an am céanna.